

Príomhthéama sa dráma An Triail (Main Themes)

Tá a lán téarmaí éagsúla le feiceáil sa dráma An Triail le Máiréad Ní Ghráda, ar nós: fímineacht (hypocrisy) mhuintir na hÉireann, dearcadh (outlook) an phobail i leith na mban, Éire mar thír chríostaí, agus briseadh rialacha sa tsochaí (breaking the rules of society). Ach, is é an t-imeallú (isolation) i sochaí na hÉireann an ceann is láidre dar liomsa.

Feicimid an t-imeallú i gcás an phríomhcharachtair Máire, ach go háirithe feictear é chomh maith i gcás Phádraigín, Mhailí agus na mná go léir a bhí i dteach an tearmainn. Feicimid forbairt (development) ar an téama seo mar leathnaíonn an t-imeallú seo ó na daoine is gaire do Mháire ag an tús – an mháthair, Pádraig, Seán agus Liam – go dtí an tsochaí i gcoitinne.

Ag an tús, tá a máthair an-dian uirthi (very hard on her) agus tá sí ag iarraidh (trying) í a imeallú. Tá brú uirthi a bheith mar bhall de na mná rialta (nuns). Nuair a fhaigheann Pádraig amach go bhfuil sí ag iompar clainne (carrying a child), tréigeann sé láithreach í. Tá sí imeallaithe arís. Ag an bhfaoistín (confession), tá sí imeallaithe ag an eaglais.

Nuair a fhaigheann a máthair amach go bhfuil sí torrach (pregnant), caitheann sí Máire amach as an teach – "...agus mallacht dé anuas ort a striapach". Níor chabhraigh Liam agus Seán léi. Sceitheann siad uirthi (they tell on her), tá siad leithleasach (selfish). Níl rud le rá ag Liam ach "Tá an oíche loite agat orm", agus ag an deireadh deir Seán, "Náirigh sí sinn. Bhí orm éirí as an tsagartóireacht". Tá sí imeallaithe ag a teaghlach.

Téann sí go Baile Átha Cliath agus faigheann sí post le Bean Uí Cheansalaigh. Ach chomh luath is (as soon as) a fhaigheann sí amach go bhfuil Máire ag iompar, cuireann sí fios (calls) ar Iníon Uí Bhreasail agus faigheann sí réidh léi (gets rid of her). Tá sí imeallaithe ag na daoine "creidiúnacha". Cuireann Iníon Uí Bhreasail sa teach tearmainn í. Anois, tá sí scoite go hiomlán ón tsochaí.

Nuair a thiteann an teach anuas, fághtar an páiste sa teach. Tá Pádraigín í féin imeallaithe mar gur páiste tabhartha í. Fághtar Máire agus an leanbh ina suí ar thaobh an bhóthair. Ní thairgeann éinne acu dídean (shelter) di. Nuair a thagann Pádraig isteach go teach Mailí ag an deireadh, níl sé sásta páirt a bheith aige léi nó le Pádraigín.

Tá sé rí-shoiléir ón mhéid thuas gur téama lárnach é an t-imeallú sa tsochaí. Ní fada go bhfuil sí tréigthe ag an eaglais, a fostóirí (employers), lucht an tearmainn, agus mná na sráide ina gcónaíonn sí. D'fhéadfaí a rá (it could be said), dá bhrí sin, go bhfuil Máire imeallaithe ag an tsochaí ar fad i deireadh na dála.

Teicníochtaí Drámatúla Dramatic Techniques

Garsúin nuachta (newspaper boys) agus críoch an dráma ag an tús: Baineann Ní Ghráda úsáid an-éifeachtach as na buachaillí nuachta ag tús an dráma. Is gléas (device) éifeachtach agus drámatúil é seo chun aird (attention) an lucht féachana (audience) a dhíriú ar an scéal lom láithreach. Foghlaimimid (we learn) láithreach bonn faoi cad a tharla do Mháire agus a leanbh agus bímid ar bís (excited) chun fáil amach cad a thiomáin (what drove) í chun an gníomh gránna seo a dhéanamh.

Teicníc an iardhearcaidh (flashback technique): Baineann Ní Ghráda úsáid an-éifeachtach agus drámatúil as an teicníc seo tríd an dráma. Gluaiseann (move) na radhairc go tobann (suddenly) ó theach na cúirte go dtí eachtraí éagsúla i saol Mháire. Coinníonn an siar is aniar seo aird an lucht éisteachta ó thús go deireadh. Is gléas éifeachtach é, chomh maith, na pearsana difriúla a chur os comhair na cúirte, chun béim a leagan ar an bhfímineacht, agus an easpa críostaíochta (last of Christianity) a léiríonn siad i rith an dráma. Mothaímid (we feel) mar lucht éisteachta go bhfuil muid go hiomlán rannpháirteach (participating) sa dráma nuair a labhraíonn na haturnaetha agus na carachtair go díreach linn. Táimid ar nós giúiré (jury) sa dráma agus dá bhrí sin tá iachall orainn breithiúnas a thabhairt ag deireadh an dráma.

Na haturnaetha: Baintear feidhm éifeachtach as na haturnaetha i rith an dráma chun cabhrú linn fimíneacht (hypocrisy) na sochaí inar mhair Máire a fheiceáil go soiléir. Is é ról Aturnae 1 (aturnae an stáit) ná teacht ar lomchlár na fírinne (truth) agus is é ról Aturnae 2 ná Máire a chosaint (to defend) agus easpa carthanachta (lack of charity) na bpearsana eile a shoiléiriú (to portray) dúinn. Tá gléas an chroscheistiúchan (cross questioning) an-éifeachtach mar cuireann na haturnaetha na ceisteanna ar mhaith leis an lucht éisteachta a chur ach an deis a bheith acu.

An dráma briste suas (broken up) ina mhíreanna gonta tapaidh: Tá an dráma briste suas ina mhíreanna gonta (concise) tapaidh, ar nós drámaí nua-aimseartha teilifíse nó sobaldhrámaí (soap operas). Cuireann sé seo le luas (speed), práinne (urgency) agus drámatúlacht an dráma. Ba ghléas an-éifeachtach nua-aimseartha é seo ag an am mar ní raibh deis (opportunity) ag an lucht éisteachta suim (interest) a chailliúnt (to lose) sa scéal.

Easpa forbartha ar na carachtair: Is beag forbartha a déantar ar na carachtair sa dráma seo, ach amháin i gcás Phádraig – téann sé chun donais (he gets worse) sa dráma, agus, go dtí pointe (to a point), i gcás Mháire – tuigeann sí duáilcí na bhfear agus na sochaí níos fearr agus cailleann sí (she loses) dóchas (hope). Ach i gcás na gcarachtar eile, tá siad go léir ina steiréitíopaí aontaiseacha (one dimensional stereotype). Tá gach duine acu ina ndubh nó a mbán (black or white people). Feicimid an mháthair ró-chráifeach, an fear pósta mídhílis, an fostóir (employer) meánaicmeach cruachróich, an t-oibrí sóisialta gan trócaire (without mercy), agus an striapach (prostitute) le croí mór. I ndáiríre, níl iontu ach siombail de ghéithe (aspect) na sochaí.